Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/1036

12.6.2025

# CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 45/2025

## an 14 Márta 2025

## lena leasaítear Iarscríbhinn I (Cúrsaí tréidliachta agus fíteashláintíochta) agus Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2025/1036]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2024/2609 ón gCoimisiún an 7 Deireadh Fómhair 2024 lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh naprópaimíde, piridibeine agus teabúifeinpiorad i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Rialachán (AE) 2024/2612 ón gCoimisiún an 7 Deireadh Fómhair 2024 lena leasaítear Iarscríbhinn II, III agus IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhair le haghaidh ciotósáin, clóipirilide, défheanaconasóil, iarmhair ó dhriogadh saille, floiniocaimíde, próitéiní hidrealaithe agus seinicíó-áit lavandailile i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe ([2]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Rialachán (AE) 2024/2619 ón gCoimisiún an 8 Deireadh Fómhair 2024 lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh foiseitile, fosfónáití potaisiam agus fosfónáit déshóidiam i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe ([3]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(4) Rialachán (AE) 2024/2633 ón gCoimisiún an 8 Deireadh Fómhair 2024 lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh asocsastróibine, famocsadóin, flutriafóil, mandaprópaimíde agus meifeintrífhluconasóil i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe ([4]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(5) Rialachán (AE) 2024/2640 ón gCoimisiún an 9 Deireadh Fómhair 2024 lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh 1,4-démheitiolnaftailéine, aigéad défhluaraicéiteach (ADF), fluaipioram agus fluipiridhéfhúróin i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe ([5]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(6) Is le reachtaíocht maidir le hábhair bheatha agus le hábhair bhia a bhaineann an Cinneadh seo. An reachtaíocht a bhaineann le hábhair bheatha agus ábhair bhia, ní bheidh feidhm aici maidir le Lichtinstéin fad a bheidh cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta leathnaithe chun Lichtinstéin a chumhdach, mar a shonraítear sna hoiriúnuithe earnála ar Iarscríbhinn I agus i réamhrá Chaibidil XII d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE. Dá bhrí sin, níl feidhm le bheith ag an gCinneadh seo maidir le Lichtinstéin.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

([1]) IO L, 2024/2609, 8.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2609/oj.
([2]) IO L, 2024/2612, 8.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2612/oj.
([3]) IO L, 2024/2619, 9.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2619/oj.
([4]) IO L, 2024/2633, 9.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2633/oj.
([5]) IO L, 2024/2640, 10.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2640/oj.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear na fleasca seo a leanas isteach i bpointe 40 (Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) de Chaibidil II d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE:

'— **32024 R 2609**: Rialachán (AE) 2024/2609 ón gCoimisiún an 7 Deireadh Fómhair 2024 (IO L, 2024/2609, 8.10.2024),

— **32024 R 2612**: Rialachán (AE) 2024/2612 ón gCoimisiún an 7 Deireadh Fómhair 2024 (IO L, 2024/2612, 8.10.2024),

— **32024 R 2619**: Rialachán (AE) 2024/2619 ón gCoimisiún an 8 Deireadh Fómhair 2024 (IO L, 2024/2619, 9.10.2024),

— **32024 R 2633**: Rialachán (AE) 2024/2633 ón gCoimisiún an 8 Deireadh Fómhair 2024 (IO L, 2024/2633, 9.10.2024),

— **32024 R 2640**: Rialachán (AE) 2024/2640 ón gCoimisiún an 9 Deireadh Fómhair 2024 (IO L 2024/2640, 10.10.2024).'

*Airteagal 2*

Cuirtear na fleasca seo a leanas isteach i bpointe 54zzy (Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) de Chaibidil XII d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE:

'— **32024 R 2609**: Rialachán (AE) 2024/2609 ón gCoimisiún an 7 Deireadh Fómhair 2024 (IO L, 2024/2609, 8.10.2024),

— **32024 R 2612**: Rialachán (AE) 2024/2612 ón gCoimisiún an 7 Deireadh Fómhair 2024 (IO L, 2024/2612, 8.10.2024),

— **32024 R 2619**: Rialachán (AE) 2024/2619 ón gCoimisiún an 8 Deireadh Fómhair 2024 (IO L, 2024/2619, 9.10.2024),

— **32024 R 2633**: Rialachán (AE) 2024/2633 ón gCoimisiún an 8 Deireadh Fómhair 2024 (IO L, 2024/2633, 9.10.2024),

— **32024 R 2640**: Rialachán (AE) 2024/2640 ón gCoimisiún an 9 Deireadh Fómhair 2024 (IO L 2024/2640, 10.10.2024).'

*Airteagal 3*

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialacháin (AE) 2024/2609, (AE) 2024/2612, (AE) 2024/2619, (AE) 2024/2633 agus (AE) 2024/2640 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 15 Márta 2025, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*).

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

*Airteagal 5*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Márta 2025.

*Thar ceann Chomhchoiste an LEE*
*An tUachtarán*
Nicolas VON LINGEN